Cod Iompair Scoil Fhursa

Ráiteas Tosaigh:

Rinne foireann Scoil Fhursa athbhreithniú ar an gCód Iompair ar 23ú Samhain 2021. Chuaigh siad i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta agus le Coiste na dTuismitheoirí.

Réasúnaíocht:

- Chun timpeallacht eagraithe sábháilte le haghaidh na foghlama a chinntiú sa scoil.
- Is cúram é a d'aithin pobal na scoile an polasaí a leasú go rialta.
- Is dualgas é faoin Acht Oideachais (Leas), 2000, Alt 23 (1) a dhéanann tagairt don dualgas ar scoileanna cód iompair a ullmhú i leith na mac léinn atá cláraithe sa scoil. In Alt 23 (2) sonraíonn sé go saineoidh an cód iompair:

a) Na caighdeáin iompair a bheidh le hurramú ag gach mac léinn atá ag freastal ar an scoil.

b) Na céimeanna a thógfar nuair a dhiúltaíonn nó nuair a theipeann ar pháiste na caighdeáin iompair a chomhlíonadh.

c) Na nósanna imeachta a bheidh le leanúint sula bhféadfar mac léinn a chur ar fionraí nó a dhíbirt ón scoil.

d) Na forais/cúinsi ina gcuirtear deireadh le fionraí ar pháiste.

e) Na nósanna imeachta a leanfar nuair atá páiste as láthair ón scoil.

Míniú:
Chun mí-thuiscint a sheachaint, ní mór an Chód Iompair a léamh in éineacht le Treoirlínte i gcomhair Scoileanna an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais. Má tá aon difríocht idir an Cód agus na Treoirlínte, faigheann na Treoirlínte tús áite.

Ráiteas Físe – Gaol le Spiorad Sainiúil na Scoile:
Is módh scoil lán Ghaelach Críostúil í Scoil Fhursa faoi phatrúntacht an Easpaig agus an Aire Oideachais.

Tá sé mar chroí luach againn ó bunaíodh an scoil i 1933 an Ghaeilge a choinneáil beo.

Tuigtear i Scoil Fhursa go bhfuil ról fíor thábhtachtach ag daoine óga chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus í a labhairt taobh amuigh den scoil.

Tá sé mar aidhm againn timpeallacht dhearfach spreagúil chineálta agus shábháilte a chur ar fáil do gach dalta – is cuma cén creideamh, cine, gnéas, stádas eacnamaíochta, stádas teaghlaigh nó gnéas chlaonadh.

Cothaítear riachtanais spioradálta, mórálta, agus cultúra gach páiste.

Tá tuiscint ar éagsúlacht chumais – riachtanais intleachtúla agus buanna agus pearsanacht na bpáistí.

Tá ról lárnach ag an scoil láidreachtaí a neartú agus laigeachtaí a lagdú.

Tá fís againn cur le féin mhuinín gach duine i bpobal na scoile, meas a chothú i ngach duine dá chéile agus an bhun chloch a leagann le foghlaim saoil.

- Ag claoí le fealsúnacht na scoile táimid ag iarraidh go mbeadh na páistí sona agus sábháilte le linn am spraoi agus am foghlama an lae.
- Sí aidhm an oideachas bunscoile ná a chur ar chumas an pháiste saol iomlán mar is dual do pháiste a chaitheamh agus an páiste a ullmhú d'oideachas breise agus d'fhoghlaim feadh saoil, le go mbeidh sé ar chumas an pháiste teacht chun cinn mar neach sóisialta trí chónaí agus chomhoibriú le daoine eile agus sa tslí sin a c(h)ion a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí.
- Táimid ag iarraidh timpeallacht shábháilte foghlamtha a chothú do pháistí na scoile ionas go mbeidh siad in ann a gcumas iomláin féin a shroichint. Mar gheall ar seo ní ghlacfar le iompar nach bhfuil ag dul leis an bhfealsúnacht atá luaite agus a chuireann isteach ar oideachas agus shábháilteacht daoine eile.

An Ghaeilge:

Is i an Ghaeilge teanga labhartha na scoile. Déantar an-iarracht na páistí a spreagadh le Gaeilge mhaith a labhairt agus a bheith bróduil aisti. Caithfidh gach páiste Gaeilge a labhairt sa seomra ranga, sa chlós, i dtimpeallacht na scoile agus ar ócáidí a bhaineann le cúrsaí scoile (i.e. turais, cluichí, comórtais, &rl.)

Aidhmeanna:

- A chinntiú go gcuirtear timpeallacht oideachasúil ar fáil atá bunaithe ar ár ráiteas físe.
- Atmaisféar a chruthú ina bhfuil meas agus tuiscint ar a chéile agus ina nglactar le daoine.
- Iompar dearfach agus féinsmacht a chothú, ag tabhairt aird ar na difríochtaí idir páistí agus an gá le freastal ar na difríochtaí sin.
- Cur ar chumas na scoile timpeallacht fhoghlama dhearfach a chruthú le go mbeidh an scoil in ann feidhmiú go héifeachtacht agus go mbeidh na páistí in ann dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbairt.
- Sábháilteacht agus sástacht chuile dhuine i bpobal na scoile a chinntiú.
- Cabhrú le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le páisti na córais agus na nósanna a bhaineann leis an gCód Iompair a thuiscint agus a dtacaíocht a fháil chun na córais seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- Cinntiú go gcuirtear an córas rialacha, duaiseanna agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus comhsheasmhach ar fud na scoile.

Ábhar an Pholasaí:

Tá an polasaí eagraithe faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. **Treoirlínte faoi iompar i Scoil Fhursa.**

2. **Cur chuige scoile uile maidir le hiompar dearfach a chur chun cinn.**
   - An Fhoireann
   - An Bord Bainistíochta
   - Tuismitheoirí/caomhnóirí
   - Daltaí

3. **Straitéisí dearfacha chun iompar a bhainistiú.**
   - An Seomra Ranga
   - An Clós Súgartha
   - Limistéir eile sa Scoil
   - Gníomhaíochtaí atá bainteach leis an scoil.

4. **Duaiseanna agus smachtbhannaí.**
   - Duaiseanna agus aitheantas tugtha do dheá-iompar.
   - Straitéisí chun freagairt d'iompar mí-chuí
   - Tuismitheoirí/caomhnóirí a bheith rannpháirteach i mbainistiú an drochiompair.
   - Iompar ionsaitheach nó foréigneach a bhainistiú.

5. **Nós imeachta chun insint don scoil go mbeidh dalta as láthair ón scoil.**

6. **Cúntas a choinneáil:**
   - Rang
   - An Clós Súgartha
   - Taifid Scoile

7. **Fionraí/Díbirt:**
   - Fionraí
   - Díbirt
   - Achomhairc

8. **Tagairt do Pholasaithe eile.**

Roinn 1 Treoirlínte faoi Iompar sa Scoil:

Luann an tAcht Oideachais (Leas), Alt 23 go sonróidh an Cód Iompair “Na caighdeáin iompar a bheidh le hurramú ag gach mac léinn atá ag freastal ar an scoil”

Rialacha Ginearalta Scoile:

- Táthar ag súil go mbeadh meas ag páistí orthu féin agus ar dhaoine eile.
- Táthar ag súil leis go léireoidh gach dalta meas ar áiseanna na scoile, rudaí phaistí eile, áiseanna na múinteoirí agus a rudaí féin.
- Táthar ag súil go mbeadh páistí béasach, macánta agus ionraic le pobal na scoile, múinteoirí, páistí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus cuairteoirí.
- Táthar ag súil leis go bhfreastalóidh gach dalta ar scoil go rialta agus go mbeidh siad ann in am.
- Táthar ag súil le deá-iompar ó gach dalta agus go léireoidh gach dalta tuiscint ar pháistí eile agus ar dhaoine fásta.
- Táthar ag súil go mbeadh páistí cineálta lena gcomhleacaithe agus go mbeadh siad toilteanach cuidiú le daoine eile.
- Táthar ag súil leis go ndéanfaidh gach dalta a d(h)ícheall ar scoil agus san obair bhaile.
- Táthar ag súil go mbeadh páistí in ann bealaí urramacha a úsáid chun deacrachtaí agus comhlint a réiteach.
- Táthar ag súil go mbeadh deá-theanga á úsáid ag páisti.
- Táthar ag súil nach mbeadh páistí ag rith fiáin nó ag scréadáil in áit ar bith.
- Táthar ag súil nach mbeidh fón póca a úsáid í dtimpeallacht na scoile nó ag imeachtaí scoile m.sh turas scoile, cluichí & rl.
- Níl cead ag dalta/tuismitheoir/caomhnóirí/ball fóirne griangraf a thógáil, nó taifeadadh de aon saghas a dhéanamh, de dhalta eile, baill fóirne, tuismitheoirí/caomhnóirí ná de ghníomhaíochtaí scoile gan sain-chead a fháil.
- Níl cead ag dalta/tuismitheoir/caomhnóirí/ball fóirne griangraf nó taifeadadh de aon saghas de dhalta eile, baill fóirne, tuismitheoirí/caomhnóirí ná de ghníomhaíochtaí scoile a fhoilsiú, gan sain-chead scríofa a fháil.
- Ní chóir do dhalta/thuismitheoirí/caomhnóirí/ball fóirne griangraf nó físeán nó taifeadadh de aon saghas ar páiste eile Scoil Fhursa, a chur ar shúiomh méain shóisialta ar bith, m.sh. Facebook &rl.

Rialacha ar leith i bhfeidhm sna seomraí Ranga:

Tá rialacha ar leith i bhfeidhm sna seomraí ranga. Scríobhtar na rialacha i gcomhpháirt leis na daltaí. Seo sampla de rialacha ranga:

- Ar maidin, tar isteach, suigh síos agus bí ag obair.
- Is í an Ghaeilge teanga na scoile.
- Má tá rud le rá cuir suas do lámh.
- Beidh meas ag gach duine ar a chéile.

- Tar isteach réidh don obair.
- Bí go deas múinte le gach duine.
- Bí ag éisteacht nuair atá an múinteoir ag caint.
- Lámh ar an ráille ar an staighre.

Féach ar aguisín 1 i gcóir liosta níos faide de rialacha do na bun, meán agus ard ranganna. *Féach ar aguisín 2 i gcóir samplaí de mhion mhí iompar, de mhí iompar tromchúiseach agus de mhí iompar tútach uafasach. Féach ar aguisín 3 i gcóir na Rialacha Scoile.*

Roinn 2: Cur chuige scoile uile maidir le h-iompar dearfach a chur chun cinn:

Tugann an Cód Iompair seo treoir mhaith do chur chuige scoile uile maidir le iompar dearfach a chur chun cinn agus maidir le iompar diúltach a bhainistiú. Tabharfaidh sé tuiscint ar iompar pháistí agus ar stráitéisí dearfacha chun deá-iompar a chur chun cinn.

An Fhoireann:

- Cuirtear béim faoi leith ar atmaisféar/timpeallacht dearfach a chruthú sa rang agus sa scoil a thacóidh agus a chothóidh le deá-iompar m.sh deá-iompar a mholadh agus a chur chun cinn le go mbeadh gach páiste sásta agus sábháilte ina dtimpeallacht scoile
- Déanann an fhoireann cinnte de go dtugann siad deá-shampla i gcónaí.
- Cabhraíonn moladh agus spreagadh le féin smacht an pháiste. I Scoil Fhursa cuirimid níos mó béime ar aitheantas a thabhairt do dheá-iompar seachas píonós a chur chun deá-bhéasaí agus caighdeán árd foghlamtha a bhaint amach.
- Tugtar moladh do dheá-iompar trí mheascán de na straitéisí thíos a úsáid:
- Focal ciúin chun deá-mheas nó do shásamh a chur in iúl m.sh “Is maith liom an chaoi a dúirt tú/a rinne tú & rl.”
- Léirmheas a scríobh i gcóipleabhar an pháiste.
- Cuairt a thabhairt ar mhúinteoir eile nó ar an bPríomhoide i gcóir moladh.
- Focal molta os comhair grúpa nó rang.
- Ag tabhairt freagracht speisialta nó príbhléid m.sh Am Órga
- Focal molta le tuismitheoir/caomhnóir – scríobhfa nó labhartha
- Aitheantas difriúil a fháil m.sh suaitheantas, teastas,
- Ainm an pháiste a chur sa chrannchur agus ainmneacha a phiocadh amach ag am áinmnithe (Am dul abhaile, Tráthnóna Dé hAoine etc.)
- Bíonn deiseanna ag an bhfoireann deá-iompar agus mí-iompar a phlé agus foghlaim óna chéile. Déantar athbhreithniú ar na stráitéisí go rialta.
- Bíonn an teagasc éifeachtach, an curaclam cuimsitheach spreagúil, an clár foghlama curtha in oiriúint do na páistí, na páistí rannpháirteach agus inspreagtha chun foghlama.
- Úsáídtear scileanna agus nósanna imeachta maidir le bainistiú ranga. Úsáidtear modhanna teagaisc éifeachtacha.
- Baineann an cód iompair le leanaí le deacrachtaí iompar mar thoradh ar riachtanais speisialta oideachais. Freastlaítear ar a gcuid riachtanais trí Plean Óideachais Aonair (IEP), Pleain Iompair (Behavioural Plans), grúpaí sóisialta, straitéisí soiléir leagtha amach i gcomhairle leis an bhfoireann tacaíochta foghlama/acmhainne, tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí ranga & cúntóirí riachtanais speisialta.
- Úsáidtear curaclam Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na scoile chun tacaíocht a thabhairt don chód iompair m.sh úsáidtear am ciorcail sa rang. An aidhm atá aige ná cabhrú lenár bpáistí scileanna cumarsáide, bealaí cuí idirghníomhaíochta agus iompair, agus scileanna um réiteach coinbhleachtaí a fhorbairt. Déanann sé iarracht

freisin féinmheas a chothú agus cabhrú le leanaí glacadh le difríochtaí agus saorántacht a fhorbairt.

An Bord Bainistíochta:

Is é ról foriomlán an Bhoird Bainistíochta a chinntiú go bhforbraítear cód iompar sa scoil agus go bhfuil an pobal scoile ar fad páirteach ina fhorbairt, ina cur i bhfeidhm agus ina athbhreithniú. Tá freagracht ar leith ar an mBord as éiteas na scoile, ar a n-áiritear éiteas Gaeilge na scoile a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn chomh maith le freagracht fhoriomláin as polasaithe scoile.

Déanann an Bord Bainistíochta taifead foirmiúil ar ghlacadh agus daingniú an chóid iompair, chomh maith le dáta tosaithe agus cinntí athbhreithnithe maidir le cén uair a dhéanfar athbhreithniú ar an gcód.
Tugann an Bord Bainistíochta tacaíocht don fhoireann agus an cód iompair á chur i bhfeidhm trí dheiseanna ar fhorbairt fóirne a chur ar fáil, agus leabhair/acmhainí chun deá-iompar a chothú, a chur ar fáil. Tugann an Bord Bainistíochta tacaíocht don fhoireann agus do thuismitheoirí i gcur í bhfeidhm an chóid trí deiseanna atá ag teastáil a chur ar fáil dóibh.

Tuismitheoirí/caomhnóirí:

Le go gcuirfear an cód i bhfeidhm go héifeachtach agus go tuisceanach tá géar ghá le comhoibriú iomlán ó na tuismitheoirí/caomhnóirí. Beidh deá-thoradh an chóid smachta bunaithe ar dheá-chumarsáid, deá-thoil agus dílseacht na dtuismitheoirí/caomhnóirí don scoil.

- Tá caidreamh oscailte idir an fhoireann agus tuismitheoirí/caomhnóirí ó thaobh gach gné de shaol na scoile. Spreagtar a gcomhoibriú le réimsí éagsúla imeachtaí agus tugtar deis dóibh bheith rannpháirteach in obair na scoile an méid is féidir.
- Sula dtosaíonn páistí ar an scoil bíonn cruinniú eolais do na tuismitheoirí/caomhnóirí sa scoil, áit a mínítear rialacha na scoile dóibh.
- I mí Meán Fómhair/Deireadh Fómhair bíonn oíche eolais ag múinteoirí gach rang le tuismitheoirí/caomhnóirí na ranga ina dtéann siad thríd obair na bliana agus an an t-iompar atáthar ag súil leis.
- Tá tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi rialacha, an córas duaiseanna agus smachtbhannaí na scoile agus comhoibríonn siad leo.
- Freastalaíonn tuismitheoirí/caomhnóirí ar chruinnithe ag an scoil má fhaigheann siad cuireadh.
- Oibríonn muid go comhoibritheach le Coiste na dTuismitheoirí agus éisteann muid lena smaointe.
- Eagraítear oícheanta eolais maidir le gnéithe ar leith den chód iompair chun cúnamh a thabhairt do thuismitheoirí ó thaobh smachta de m.sh. ciberbulaíocht, sábhailteacht idirlín, Bí Sábháilte, réiteach coinbhleachtaí.

- Bíonn ionchur ag na tuistmitheoiri ar an mBord Bainistíochta i ngach gné de pholasaí na scoile.
- De réir Alt 23 (4) den Acht, tugann an Príomhoide cóip den chód iompair do thuismitheoirí leanbh atá a chlárú sa scoil. Iarrfaidh an Príomhoide (mar choinníoll leis an leanbh a chlárú), ar na tuismitheoirí/caomhnóirí glacadh leis an gCód Iompar i scríbhinn. Deimhneoidh siad go ndéanfaidh siad chuile iarracht chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an leanbh an cód sin.

Spreagtar tuismitheoirí/caomhnóirí chun cúnamh a thabhairt do pháistí meas a bheith acu orthu féin agus ar mhaoin daoine eile.

Iarrtar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí:

- A gcuid páistí a chur ar scoil go rialta agus in am.
- A bpáistí a spreagadh le meas a bheith acu orthu féin, ar dhaoine eile agus a maoin.
- Suim a léiriú i n-obair scoile a bpáistí, tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad a spreagadh a ndícheall a dhéanamh.
- A bheith eolach ar chód iompar na scoile agus tacú leis.
- Comhoibriú le mhúinteoirí áit a mbíonn iompar a bpaistí ag cothú fadhbanna do dhaoine eile.
- Eolas a thabhairt don scoil faoi aon fhadhb a d'fhéadadh tionchar a bheith aige ar dul chun cinn agus iompar a bpáiste.
- Moltar do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir ranga má tá inmí orthu faoina bpáiste. Tá na nósanna imeachta ar fáil i Roinn 5.
- Áit cinnte a cur ar fáil don pháiste chun an obair bhaile a dhéanamh. Tá sé inmholta léamh a dhéanamh leis na páisti.
- Go mbeadh na leabhair agus na hábhair riachtanacha don scoil ag an páistí.
- Tacaíocht a thabhairt do pholasaí Gaeilge na scoile i.e. Gaeilge a labhairt sa scoil.

<u>Páistí</u>:

- Déantar rialacha/cód iompair ranga a scríobh leis na páistí.
- Déantar príomhsmaointí ón gcód iompar a phlé leis na páistí agus deis a thabhairt dóibh a dtuairimí féin a thabhairt go rialta.
- Cuireann na páistí eolas ar rialacha ginearalta na scoile, an chlóis agus an rang agus coinníonn siad iad. Pléann siad na rialacha sa bhaile le tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Bíonn na páistí ar scoil go rialta agus go poncúil.
- Bíonn siad lán pháirteach in obair an ranga.
- Taispeánann siad meas ar dhaoine eile.
- Taispeánann siad meas ar mhaoin na scoile agus ar mhaoin pháistí eile.
- Déanann na páistí a gcuid obair bhaile chomh maith agus is féidir leo.

Roinn 3. Straitéisí dearfacha chun iompar a bhainistiú:

Baintear usáid as straitéisí dearfacha ar fud na scoile chun deá-iompar a chur chun cinn agus chun cosc a chur ar dhrochiompar.

An Seomra Ranga

Stráiteisí Praicticiúl do Mhúinteoirí chun deá-iompar a spreagadh agus a chur chun cinn sa seomra ranga.

- Cothóimid atmaisféar ranga atá fáilteach, oscailte, áit a dtuigeann na páist go dtugtar aire dóibh agus go dtugann siadsan aire do pháistí eile.
- Bí airdeallach ar céard atá ar siúl sa rang i gcónaí.
- Déan deá iompar a mholadh agus a dhaingniú m.sh “Is maith liom an bealach a ndearna tú é sin, a dúirt tú, a thaispeáin tú & rl.”
- Roghnóimid foclóir cuí nuair atá páistí á gceartú.
- Cruthaímid timpeallacht dearfach don fhoghlaim i ngach rang.
- Scríobhtar na rialacha ranga le ionchur ó na páistí. Crochtar sa rang iad.
- Déanann múinteoirí cinnte go dtuigeann na daltaí céard ba cheart dóibh a dhéanamh agus cuirtear é sin i gcuimhne dóibh go minic.
- Míníonn na múinteoirí an ceangail atá idir iompar pháiste agus an toradh a bhéas leis m.sh smachtbhanna, scoite amach ón ngrúpa &rl. Pléann an múinteor Tacaíochta Foghlamtha /Acmhainne chomh maith leis an múinteoir ranga na rialacha le páistí le riachtanais speisialta.
- Usáidtear stráiteisí chun cuidiú leis na páistí na gnáthrialacha seo a choinneáil. m.sh ag usáid cártaí meabhrúcháin le páistí a choinneáil ar tasc, ag usáid clár ama le pictiúir.
- Tá córas soiléir againn chun aitheantas a thabhairt don deá-iompar agus b’fhéidir duais/príbhléid a thabhairt mar thoradh air. Usáidtear duaiseanna feiliúnacha mar réalta, am órga breise, teastas seachtainiúl do dheá-iompar &rl. Cuirtear machtbhannaí í bhfeidhm mar fhreagra ar dhrochiompar.
- Usáidtear teicnící bainistíochta seomra ranga a dhéanann cinnte go mbaintear úsáid as gníomhaíochtaí agus modheolaíochtaí éagsúla chun suim na ndaltaí a chothú.
- Athrú suíocháin/áit suite sa rang – moltar é seo a dhéanamh de réir mar atá feiliúnach.
- Tugtar aird speisialta ar an am idir ábhair, nó aistriú seomraí agus rl.

Clós:

- Leagtar síos rialacha soiléire don chlós a chuireann béim ar an deá-iompar agus a dhéanann soiléir cé na gníomhaíochtaí a cheadaítear. Déantar plé ar na rialacha seo ag cruinniú foirne ag tús na bliana agus ag amanta eile i rith na bliana. Pléitear iad seo leis na paistí ag am tionóil agus sa seomra ranga.
- Bíonn an clós róinnte i dhá tréimhse difriúla ag am sosa agus ag am lón.
  Am sosa:
  Grúpa 1 - 10.10 – 10.25 Naíonáin Shóis/Shin R1 agus R6
  Grúpa 2 - 10.30 – 10.45 R2 – R5
  Am lón:
  Grúpa 1 - 12.10 – 12.30 Naíonáin Shóis/Shin R1 agus R6 (*** Col. Mhuire Mháthair)
  Grúpa 2 - 12.35 – 12.55 R2– R5. (*** Col. Mhuire Mháthair)
  Tá róta déanta amach don fheitheoireacht.
- Imríonn na ranganna ina spáis féin – Naíonáin, Rang 1 agus 2, Rang 3 agus 4, Rang 5 agus 6 agus i láthair na huaire ina gcochall (pod) féin de bharr Covid 19. Bíonn na Hárd ranganna i gColaiste Mhuire ag am lón mór: Grúpa 1 12.10 go dtí 12.30 Luain go Déardaoin agus ó 12.00 go dtí 12.20 ar an Aoine***. Grúpa 2 12.35 go dtí 12.55 Luain go Déardaoin agus ó 12.25 go dtí 12.45 ar an Aoine***.

- Bíonn páistí ag spraoi go réidh ag cur san áireamh sábháilteacht gach duine sa chlós. Má cheaptar go bhfuil an spraoi/iompar contúirteach nó gan bheith feiliúnach cuirtear an páiste ar imeall an chlóis (achar gearr).
- Cuireann na múinteoirí na rialacha i bhfeidhm go cothrom agus ar an bpointe.
- Tá cúigear ball foirne ar an gclós i gclós Scoil Fhursa agus triúr ball foirne ar an gclós i gColáiste Mhuire gach aon uair atá páistí amuigh.
- Iarrann na páistí cead dul go dtí an leithreas ar an múinteoir sa chlós.
- Cuirtear abhaile páiste atá tinn, fanann said in Oifig an Phriomhoide nó an Seomra Covid faoi mhaoirseacht.
- Fanann páistí atá istigh de bharr smachtbhannaí ina Seomra ranga, Múinteoir ranga, Príomhoide nó an Leaspríomhoide i bhfeighil.
- Cuirtear drochiompar tromchúiseach in iúl don mhúinteoir ranga. Breactar síos ins an leabhar nótaí droch iompar aon eachtra a tharlaíonn ar an gclós. Maidir le mion eachtraí clóis cuirtear an páiste ina seasamh ag an balla macnamh (achar gearr / nó de réir aoise).
- Nuair a bhíonn páistí ag dul amach sa chlós iarrtar orthu siúl i líne. Tar éis am spraoi builtear an clog agus reonn gach páiste ar an spota.
- Tugann na múinteoirí a rang féin amach agus isteach sa chlós.

Lá Fliuch

- Nuair atá an lá fliuch agus na páistí istigh ar sna seomraí iarrtar orthu suí ar chathaoir, ní féidir leo bheith ag siúl thart. Tá cead acu bheith ag spraoi le cluichí boird agus ag caint le chéile & rl. Taispeáintear físteipeanna Gaeilge go mómhór sna ranganna naíonáin.
- Maoirseacht – tá socrú déanta idir Múinteoirí ranga maidir le maoirseacht.

Limistéir eile sa scoil

- **Tá sé de dhualgas ar gach múinteoir gach páiste nach bhfuil ag comhlíonadh rialacha na scoile i limistéir eile sa scoil a cheartú.**
- Meabhraíonn na múinteoirí do na páistí faoin tábhacht atá le siúl isteach agus amach ón scoil, go dtí an halla, ar an bpasáiste, ag dul isteach sna leithris &rl.
- Meabhráitear na rialacha ag ócáidí tionóil. Cuirtear i gcuimhne dóibh iad go rialta, go h-áirithe tús na bliana agus ag tús téarma.

Gníomhaíochtaí scoile

Baineann na caighdeáin agus na rialacha atá sa chód iompair le mic léinn atá lasmuigh den scoil ach atá fós faoi chúram na scoile m.sh turas scoile, cluichí, gníomhaíochtaí seach-churaclam agus freastal ar imeachtaí a eagraíonn an scoil.

Roinn 4. Duaiseanna agus Smachtbhannaí:

Duaiseanna agus aitheantas tugtha do dheá-iompar.

- Focal ciúin chun deá-mheas nó do shásamh a chur in iúl m.sh “Is maith liom an chaoi a dúirt tú/a rinne tú & rl.”
- Léirmheas a scríobh i gcóipleabhar an pháiste.
- Cuairt a thabhairt ar mhúinteoir eile nó ar an bPríomhoide i gcóir moladh.
- Focal molta os comhair grúpa nó rang.
- Ag tabhairt freagracht speisialta nó príbhléid m.sh Am Órga
- Focal molta le tuismitheoir – scríobhfa nó labhartha
- Aitheantas difriúil a fháil m.sh suaitheantas, teastas.
- Ainm an pháiste a chur sa chrannchur agus ainmneacha a phiocadh amach ag am áirithe (Am dul abhaile, Tráthnóna Dé hAoine & rl.)
- Bronntar duaiseanna de thairbhe iarrachta, ní hé amháin don chur i gcrích.
- Ní mór é bheith ar chumas chuile pháiste duais a ghnóthú.

Déantar athbhreithniú ar na straitéisí molta seo go bliantúil ag cruinniú foirne áit a phléfear na láidreachtaí agus na laigeachtaí a bhaineann leo.

Samplaí de na cineálacha duaiseanna a thugann muid:

Oiche gan obair bhaile, am físteip don rang, am bhreise ar an ríomhaire, peann luaidh, duaiseanna ón siopa €2, scolaire na seachtaine, milseáin.

Stráitéisí chun droch iompar a bhainistiú:

Sé’n aidhm atá le smachtbhannaí agus stráitéisí drochiompar a bhainistiú ná chun deá-iompar dearfach a chothú agus deireadh a chur le droch iompar.

Maidir le páistí le riachtanaisí speisialta beidh múinteoirí cúramach go gcuidíonn siad leis an mac léinn aidhm an smachtbanna a thuiscint go soiléir agus an fáth a bhfuil a n-iompar do-ghlactha. Tá na cleachtais scoile agus seomra ranga a thacaíonn le deá-iompar le h-aghaidh gach páiste, lena n-áirítear iad siúd le riachtanais speisialta oideachais.

1. Labhairt leis an bpáiste agus comhairle a chur orthu.
2. Foláireamh a thabhairt agus comhairle a thabhairt dóibh arist.

3. Páiste a bhaint as grúpa taobh istigh den rang (go sealadach) nó a chur go dtí rang eile go sealadach.

4. Má theipeann ar chéim 1, 2 & 3 déanfar pribhléidí a bhaint:
   - Moilliú ag am chlóis (Seomra B)
   - Seasamh ag an mballa ag am lóin (ina gclós féin, achar gear de réir aoise).
   - Obair bhaile breise a thabhairt.
   - Obair bhaile deireadh seachtaine a thabhairt.
   - Tasc usáideach a dhéanamh sa scoil.
   - Pribhléidí eile a bhaint.

Le linn Poinnte 1- 4 beidh an múinteoir ag clárú mioneachtraí.

5. Cuireann an múinteoir an Príomhoide ar an eolas. An Príomhoide le labhairt leis an bpáiste agus comhairle a chur air/uirthi.
6. Cuireann an múinteoir na tuistmitheoirí/caomhnóirí ar an eolas (nóta le síniú/glaoch teileafóin).
7. Má leanann na deacrachtaí tabharfar cuireadh do na tuismitheoir/caomhnóirí teacht chun cás an pháiste a phlé leis an múinteoir ranga ar dtús. Déanfar an scéal a mhíniú dóibh agus míneofar dóibh go bhfuil an scoil ag súil lena gcomhoibriú chun feabhas a chur ar iompar a bpáiste. Déanfar tagairt don chód iompar agus cuirfear ina luí orthu go leanfar leis an scéal muna dtagann feabhas. Más páiste sna hArdranganna atá i gceist b'fhéidir gur féidir iad a bheith i láthair ag deireadh an chruinnithe leis an tuismitheoir/caomhnóir (ag braith ar an gcás)
8. Maoirseacht laethúil/seachtainiúil ar an bpáiste.
9. Má leanann na deacrachtaí fós tabharfar cuireadh do na tuismitheoirí/caomhnóirí teacht chun an cás a phlé leis an múinteoir agus an Príomhoide. Mínítear dóibh céard tá le tárlú.
10. Má leantar fós leis an mí-iompar cuirfear é seo in iúl don Bhord Bainistíochta. Moltar don Bhord Bainistíochta litir chláraithe a chur chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí ag miniú an scéil doibh agus na himpleachtaí a bhaineann leis.
11. Tabharfar cuireadh arís do na tuismitheoirí/caomhnóírí teacht isteach ag an scoil agus an cheist a phlé leis na páirtithe thuasluaite. Cuirfear in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí gur Fionraí 3 lá an chéad chéim eile.

BeidhToirmeasc (Fionraí nó Díbirt) de réir "Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte do Scoileanna" agus Riail 130 de Rialacha do Scoileanna Náisiúnta, leasaithe ag imlitreacha agus an tAcht Oideachais Leas 2000.

Tuismitheoirí/Caomhnóirí a bheith rannpháirteach i mbainistiú an drochiompar:

Chun deá-iompar a chinntiú eilíonn an scoil tacaíocht agus comhoibriú ó na tuismitheoirí/caomhnóirí. Siad na tuismitheoirí/caomhnóirí atá freagrach as iompar a bpáistí nuair a thagann siad ar scoil. Cabhraíonn dearcadh agus dílseacht tuismitheoirí/caomhnóirí i leith na scoile agus i leith na múinteoirí go mór le hiompar na bpáistí. Déanfaidh an fhoireann a chinntiú gur áit oscailte, fháilteach í an scoil do thuismitheoirí/caomhnóirí ionas nach mbeadh aon drogall orthu teacht chun cainte le foireann na scoile.

- Tá cumarsáid oscailte idir foireann na scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí na scoile. Má bhíonn cúis imní maidir le iompar páistí déantar teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí. Déanann an múinteoir ranga teagmháil leis na tuismitheoirí/caomhnóirí ar dtús trí glaoch teileafóin nó nóta.

- Ag brath ar an gcás b'fhéidir go n-iarrfaidh and múinteoir ar na tuismitheoirí/caomhnóirí teacht chuig an scoil. Ag brath ar an gcás agus ar an bpáiste d'fhéadadh sé tarlú go mbeadh an páiste i láthair ag deireadh an chruinnithe.

Pléascadh Feargach

Pléascadh Feargach sa Rang, sa Chlós, i dtimpeallacht na Scoile nó ag Gníomhaíocht Scoile:

Uaireanta faigheann muid leideanna go bhfuil an páiste réidh le pléascadh:
m.sh comharthaí fisiciúil, bualadh cos, dath an éadan tonn an ghlóir, cuma an choirp, ag pleacaíocht le fearas, ag croitheadh na gcos, athrú ina n-aghaidh, an chaoi a bhfuil an féachaint súl, dushlán cainte &rl.

Stráitéisí chun an fonn feirge a laghdú

- Fan ciúin suaimhneach.
- Déan measúnú tapaidh ar an scéal..
- Má tá contúirt ann do pháisti eile cur as an mbealach iad.
- Cuir fios ar dhuine fásta eile, más féidir.
- Déan iarracht an páiste a chiúiniú agus an fonn feirge a laghdú.
- Dírigh a n-áird ar rud eile; beidh sé seo níos éifeachtaí le páistí óga, a n-áird a dhíriú ar bhréagán deas nó imeacht atá ag tarlú áit éigin eile.
- Tóg an foinse feirge as bealach.
- Athrú áite: Tóg an páiste ón áit a bhfuil siad. Cuir ar theachtaireacht iad. Má tá an fhearg dírithe ar an múinteoir is fearr imeacht amach ón bpáiste ar feadh tamaill.
- Fág an foinse feirge ar leataobh agus déan rud éigin eile.
- Seachain an searús. Déan beagán den scéal.
- Éist leis an bpáiste agus lena dtuairimi.

- Mar réamh ullmhúcháin múin bealaigh suaimhnis don pháiste – análú go doimhin, rith, adhairt a bhualadh &rl. Fág an páiste in áit ciúin sábhailte.
- Tá sé tábhachtach go mbeadh clár iompair dearfach i bhfeidhm do pháistí chun go dtuigeadh siad comharthaí an pléascaidh ionas gur féidir leo iompar eile a roghnú nuair a airíonn siad trína chéile.

Ag éalú ón rang/clós

- Cuir teachtaireacht chuig an duine is cóngaraí duit chomh tapaidh agus is féidir. Abair na focail "Solas Dearg".
- Tá sé tuigthe ag an bhfoireann i gcásanna áirithe nár chóir rith i ndiaidh an pháiste.
- I gcásanna eile a thagann anoir aduaidh ort, déanfaidh an múinteoir cinneadh agus gach iarracht an páiste a mhealladh ar ais chun na scoile
- Chuirfear fíos ar na tuismitheoirí/caomhnóirí & na gárdaí ar an bpoinnte.

Iompar Ionsaitheach nó foréigneach a bhainistiú

Ta éagsúlacht agus féiniúlacht ag chuile ghasúir. Bíonn tionchair sheachtracha agus inmheánacha ar an ngasúir. É sin ráite tuigeann múinteoirí má tá fadhb áirithe ag gasúr a chuireann isteach go díreach ar an féin smacht agus smacht ranga, ar shábháilteacht páistí agus múinteoirí, go gcruthaíonn sé seo fadhbanna. Tá a chuid/cuid cearta ag gach páiste agus caithfear timpeallacht shábháilte agus sláintiúil a chothú do chách chomh fada agus is féidir.

- Má tá páiste le fadhbanna dáiríre mothúchánach & iompar atá ag cur sábháilteacht múinteoirí nó páistí í mbaol molfaidh an príomhoide do na tuismitheoirí/caomhnóirí tástáil/meastóireacht shíceolaíochta a dhéanamh ar an bpáiste.
- Moltar dá réir cabhair a lorg ó sheirbhísí tacaíochta áitiúla m.sh Seirbhís, Riachtanais Oideachais Speisialta, (SENO), An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, NEPS, seirbhísí Cúram Poiblí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, CAMHS, St Anne's, Seirbhísí Síceolaíochta Pobail, An tSeirbhís Náisiúnta Iompar, An Chomhairle Náisiúnta Um Oideachais Speisialta, Seirbhís Treoracha leanaí nó Seirbhísí Meabhairghalair Ógánach a chur san áireamh. Caithfidh gach páiste atá cláraithe sa scoil an cód iompair a leanacht.
- Le cabhair ó na Múinteoirí Tacaíochta Foghlama/Acmhainne cuirtear pleananna iompair aonair do leanaí sonracha le chéile.
- Is féidir le gach baill fóirne, ag obair lena chéile, tacaíocht a thabhairt don mhúinteoir ranga trí chuidiú leis an múinteoir machnamh agus anailís a dhéanamh ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le mí-iompar mic léinn agus trí chuidiú chun bealaí a aimsiú leis an iompar a athrú.

- Baintear usáid as cuiditheoirí PDST (An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí) sna h-ábhar ar fad chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt. Cuirtear an fhoireann ar an eolas faoi chursaí bainteach leis an ábhar san Ionad Oideachais.Tugann pearsana an tSeirbhís Tacaíochta don Oideachas Speisialta cabhair do mhúinteoirí trí dea-chleachtas a roinnt.
- Tá stór leabhair ar fáil don fhoireann chun eolas a thabhairt faoi dheacrachtaí iompair agus modhanna éagsúla le déileáil leo.

Roinn 5. Nósanna imeachta chun fógra a thabhairt go mbeidh dalta as láthair ón scoil:

Má bhíonn páiste as láthair ón scoil, ar chúis ar bith, cuireann an tuismitheoir/caomhnóir nóta chuig an múinteoir ranga nuair a thagann an páiste ar ais ar scoil nó solatharaíonn an tuismitheoir nóta arc horas na scoile Aladdin Connect. Insíonn an nóta seo cén fáth a raibh an páiste as láthair. Tá sé inmholta teastas dochtúra a sholáthar má bhíonn an páiste ag an dochtúir.

- Coinníonn an múinteoir ranga na litreacha seo agus teastas dochtúra páistí í bhfillteán ina seorma ranga. Coinneofar litreacha agus teastas dochtúra páiste sa scoil go dtí go bhfuil páistí 21 bliain d'aois.
- De réir cuid 18 den Acht Oideachais (Leas), 2000, tá dualgas reachtúil ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a chinntiú go bhfreastalaíonn a bpáiste ar scoil aitheanta ón am a chláraítear sa scoil sin iad. Chomh maith leis sin tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí/chaomhnóirí de réir an Achta a chur in iúl don scoil má tá a bpáiste as láthair agus an fáth leis an ásláthracht.

De réir an Achta cuirfear in iúl do TÚSLA má tá páiste as láthair 20 lá nó níos mó sa scoilbhliain. Tá dualgas ar an bPríomhoide litir a chur chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí nuair atá tuairisc á chur chuig an TÚSLA.

Cuireann an Príomhoide litir chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí nuair a bhíonn an páiste 15 lá as láthair. (Moladh ó TÚSLA)

Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí páistí sna Naíonáin a chur in iúl don mhúinteoir ranga más duine eile atá chun a bpáistí a thabhairt abhaile ar laethanta áirithe seachas an gnáth duine. Caithfidh ainm aon duine a thugann páiste Naíonáin abhaile a bheith ar an bhFoirm Teangbhála.

- Tá nóta riachtanach ó thuismitheoirí/chaomhnóirí má tá ar pháiste an scoil a fhágáil ar chúis ar bith le linn am scoile. Tá Leabhar "Teacht agus Imeacht" le síniú ós comhair na h-oifige.
- Má thagainn páiste tar éis 8.50 caithfidh an leabhar "Teacht agus Imeacht" a shíniú.

Nósanna imeachta maidir le teangmháil leis an scoil:

- Má bhíonn aon rud ag déanamh imní do thuismitheoirí/caomhnóirí ó thaobh scolaíocht an pháiste ba cheart dóibh dul i dteagmháil leis an múinteoir ranga chun an cás a phlé. Caithfear coinne a dhéanamh tríd an oifig.
- Is féidir glaoch fóin a chur ar an scoil agus socrú foirmiúil faoi chruinniú a dhéanamh. Tabharfar le fios í gconaí bunús agus fáth an chruinnithe. Ar an gcaoi céanna má tá an múinteoir ag iarraidh labhairt le tuismitheoir/caomhnoirí maidir le aon ghné de scolaíocht aon pháiste déanfaidh siad coinne leis na tuismitheoirí/caoimhnóirí agus tabharfar le fios don tuismitheoir/caoimhnóir bunús agus fáth an chruinnithe.

- Má bhaineann an fhadhb le aon ghné eile don scoil nó muna bhfuil an tuismitheoir/caomhnóir sásta tar éis pé fadhb atá acu a phlé leis an múinteoir ranga is féidir an cheist a phlé leis an bPríomhoide. Fágfar faoi dischréid an Phríomhoide cruinniú a shocrú idir tuismitheoirí/caomhnóirí agus an múinteoir.

Nósanna imeachta maidir le gearáin leis an scoil: Céimeanna atá le leanacht:

Stáid 1

1. Má bhíonn aon rud ag cur as do thuismitheoirí/caomhnóirí ó thaobh scolaíocht an pháiste ba cheart dóibh dul i dteagmháil leis an múinteoir ranga chun an fhadhb a réiteach. Is féidir leo glaoch fóin a chur ar an scoil agus socrú foirmiúil faoi chruinniú a dhéanamh. Tabharfar le fios i gconaí bunús agus fáth an chruinnithe.
2. Muna bhfuil an tuismitheoir/caomhnóir in ann an fhadhb a réiteach leis an Múinteoir ranga, ba choir dóibh labhairt leis an bPríomhoide ionas gur féidir í a réiteach.
3. Muna bhfuil an tuismitheoir/caomhnóir fós sásta is féidir leo dul i dteagmháil le Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta chun an cás a réiteach. Cuirfidh an scoil an tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas faoi conas teangbháil a dhéanamh leis an gCathaoirleach a dhéanfas iarracht an fhadhb a réiteach go néamhfhoirmiúil b'fheidir trí cruinniú a eagrú idir na daoine atá i gceist.

Stáid 2

1. Má tá an tuismitheoir/caomhnóir fós mí-shásta is féidir leo a gcás a chur í scribhinn chuig an mBord Bainistíochta.
2. Tabharfaidh an Cathaoirleach fios don muinteoir maidir le bunús an gearán scríofa agus déanfaidh sé/sí iarracht an fhadhb a réiteach idir na páirithe taobh istigh de 5 lá scoile ón dáta a fháightear an litir.

Stáid 3

Muna réitítear an gearán go neamhfhoirmiúil tabharfaidh an Cathaoirleach cóip den litir gearáin don mhúinteoir (le cead ginerálta an Bhoird, ach amháin i gcás go gceapann an Cathaoirleach go bhfuil cead áraíthe an Bhoird ag teastáil).

Eagróidh an Cathaoirleach cruinniú leis an múinteoir agus má tá sé oiriúnach an Príomhoide le súil go réiteofaí an fhadhb. Ba cheart an cruinniú tharlú taobh istigh de 10 lá scoile ó dháta na litreach gearáin.

Stáid 4

1. Muna bhfuil an gearán fós réitithe ba cheart don Chathaoirleach tuairisc fhoirmiúil a dhéanamh don Bhord Bainistiochta taobh istigh de 10 lá scoile ón gcruinniú a luaitear i 3 (b).
2. Má cheapann an Bord nach bhfuil búnus leis an ngearán cuirfear é seo i n-iúl don múinteoir agus don té atá ag gearán taobh istigh de 3 lá scoile ón gcruinniú Bord.
3. Má cheapann an Bord go bhfuil bunús leis an ngearán agus go bhfuil gá le tuilleadh fiosrúcháin leanfar leis na ceiméanna seo leanas.

   a) Cuirfear an múinteoir ar an eolas go bhfuil an fiosrúcháin ag bogadh ar aghaidh go dti an chéad chéim eile.
   b) Tabharfar cóip d'aon fhianaise scríofa a bhaineann leis an ngearán don múinteoir.
   c) Iarrfar ar an múinteoir freagra scríofa a sheoladh chuig an mbord mar fhreagra ar an ngearán.
   d) Tabharfar deis don múinteoir a cás a chur ós comhair an Bhoird. Beidh an múinteor í dteideal cara a thabhairt leí/leis ag an gcruinniú mar thacaíocht.
   e) Is feidir leis an mBord cruinniú a eagrú leis an té a bhfuil gearán a dhéanamh acu má cheaptar go bhfuil gá lena leithid. Bheadh cead ag an té seo cara a thabhairt leo mar thacaíocht.
   f) Eagrófar na cruinnithe ag (d) agus (e) taobh istigh de 10 lá scoile ón gcruinniú í 3(b).

Stáid 5

Nuair a thagann críoch le fiosrúcháin an Bhord cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird cinneadh an Bhoird in iúl í scríbhinn don mhúinteoir agus don té atá ag gearán taobh istigh de 5 lá scoile ó chruinniú an Bhoird.

Nil aon athamharc ar chinneadh an Bhoird Bainistíochta.

Má ta an duine atá an gearán á dhéanamh acu fós mí-shásta le cinneadh an Bhord Bainistíochta is féidir leo teangbháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun comhairle a fháil faoi céard is féidir leo a dhéanamh.

I measc na stráitéisí a úsáidtear chun tinreamh scoile a spreagadh tá siad seo a leanas:

- Ag cruinnithe tús na bliana leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus ag cruinniú do thuismitheoirí nua na Naíonáin Bheaga cuireann an Príomhoide in iúl do thuismitheoirí ábhar an Achta Oideachais (Leas), 2000, an tábhacht atá le poncúlacht agus le tinrimh maith scoile. Sa litir tús bliana chuig gach tuismitheoir cuirtear beim ar thábhacht poncúlacht agus tinrimh mhaith scoile.
- Moltar go láidir do thuismitheoirí gan bheith ag tógáil páistí ar laethanta saoire le linn am scoile.
- Cruthaítear timpeallacht scoile spreagúil agus tharraingteach.
- Deirtear go rialta leis na páistí ag tionól bheith ar scoil gach lá.
- Déantar teangbháil le tuismitheoirí/caomhnóirí le fadhbanna tinrimh a phlé.
- Cuirtear fáilte ar scoil roimh pháiste pé am nó lá a dtagann sí/sé.
- Tugtar aitheantas do thinreamh maith nó feabhsaithe.
- Déantar ábhair an churaclaim agus modheolaíochtaí a oiriúnú chun an bhaint a bhíonn acu le daltaí a uasmhéadú.
- Comhlíontar dualgaisí na scoile maidir le tuairisciú asláithreachtaí go TÚSLA, más gá.
- Cuireann an Príomhoide litir chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí nuair a bhíonn an páiste 15 lá as láthair. (Moladh ó TÚSLA)

Roinn 6. Cúntas a choinneáil:

Seomra Ranga:

Coinníonn na múinteoirí cuntas ar dhea iompar agus mí-iompar na bpáistí. Coinnítear cuntas ar dhea iompar le cairteanna, réaltaí, ticéid &rl. De réir polasaí na scoile, cuirtear deá iompar in iúl do thuismitheoirí to rialta – nóta abhaile, cruinniú tuismitheoiri &rl.

Beidh Dialann Ranga ag múinteoirí ranga do eachtraí ranga mionchúiseacha agus mí-iompar leanúnach. Úsáídeann an múinteoir straitéisí cuí chun cabhrú leis an bpáiste bheith freagrach as a iompar.

Má leanann an mí-iompar cuirtear an Príomhoide ar an eolas. Cuireann an Príomhoide comhairle ar an bpáiste.

Má leanann na deacrachtaí, cuirtear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas. Buaileann an múinteoir ranga leis na tuismitheoirí/caomhnóirí. (Féach Straitéisí chun freagairt d'iompar míchuí).

An Clós:

Má bhíonn mion drochiompar sa chlós ceartaíonn an múinteoir sa chlós an páiste.
Má's mí-iompar sondasach é, cuirtear an múinteoir ranga ar an eolas nuair a bhailíonn siad an rang ón gclós. Déanann an múinteoir ranga taifead ar an eachtra sa Dialann Ranga.

Má thárlaíonn timpiste sa chlós, cláraítear é sa Leabhar Eachtraí.

Roinn 7 Fionraí/Díbirt:

Fionraí

Tá iallach ar scoileanna, faoi Alt 23 (2) den Acht Oideachais (Leas), 2000 sonrú ina gcód iompair na nósanna imeachta le leanúint sula gcuirtear mac léinn ar fionraí nó sula ndíbrítear an mac léinn as an scoil.

Beidh an Scoil ag úsáid prionsiobal an bhealaigh cóir agus ceartas nádúrtha. (Féach lth. 67, Treoirlínte.

Sula gcuirtear páiste ar fionraí tógfar san áireamh

- Cinéal & tromchuís an iompair
- Comhthéacs an iompair
- Tionchar an iompair
- Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo
- An freagra comhréireach é mac léinn a chur ar fionraí nó nach ea. Ba chóir go mbeadh fionraí mar fhreagra comhréireach ar iompar is cúis imní.
- Tionchar féideartha na fionraí

De gnáth, déanfar iarracht tabhairt faoi idirghabháil eile roimh fionraí. Déanfaidh foireann na scoile athbhreithniú ar cén fáth nár éirígh leis. Caithfidh tromchúis a bheith ann chun mac léinn a chur ar fionraí, m.sh:

- Gur chuir iompar an mhicléinn droch bhail ar oideachas nó sábhailteacht páiste nó páistí eile.
- Go bhfuil sábhailteacht daoine eile i mbaol má fhanann an páiste sa scoil i láthair na huaire.
- Go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.

Cineálacha Fionraí

Fíonraí láithreach

I gcásanna eisceachtúla féadfaidh an príomhoide breithiúnas a dhéanamh go bhfuil fionraí láithreach oiriúnach, ar mhaithe le sábháilteacht an mhic léinn, na fóirne nó daoine eile.

Nósanna Imeachta maidir le fionraí láithreach

- I gcás go mbreithníonn an Príomhoide gur chóir mac léinn a chur ar fionraí láithreach, ar mhaithe le sábháilteacht an mhic léinn, na foirne, nó daoine eile, ba choir réamh-imscrúdú a reáchtáil chun cás a bhunú a thacódh leis an bhfionraí.
- Ba chóir don imscrúdú foirmiúil gearradh na fionraí a leanúint. Beidh feidhm ag gach coinníoll a ghabhann le fionraí ar fionraí láithreach. Ní coir d'aon fhionraí, lena n-áirítear fionraí láithreach, a bheith neamh-iata.
- I gcás fionraí láithreach, ní foláir tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas, agus socraithe a dhéanamh leo go dtógfadh siad an mac léinn ón scoil.
- Cuirtear an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi fionraí láithreach ar an bpointe.

Uath Fhionraí

Is féidir leis an mBord Bainistíochta a chinneadh, i ndiaidh prósis chomharliúcháin leis an bPríomhoide le tuismitheoirí/caomhnóirí, le múinteoirí agus le mic léinn gur chóir go mbeadh fionraí ag gabhail le iompair aimnmithe áirithe mar smachtbhanna.

- Bagairt thromchúiseach foréigin in aghaidh mic léinn eile nó ball fóirne.
- Foréigin nó ionsaí fisiciúil.
- Ag soláthar drugaí do dhaltaí eile sa scoil.
- Ionsaí gnéasach.

Fionraí

Nuair a dhearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na fíricí gur tharla mí-iompar tromchúiseach a b'fhéadfaí fionraí a ghearradh dá bharr, leanfaidh an scoil na nósanna imeachta seo a leanas:

- An macléinn agus a thuismitheoirí a chur ar an eolas maidir leis an ngearán.
- An deis a thabhairt do thuismitheoirí agus don mac léinn freagra a thabhairt.

Tréimhse na Fionraí

- Ní chuirfear an mac léinn ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná trí lá, ach amháin í gcúinsí eisceachtúla i.e go bhfuil an Príomhoide den tuairim go bhfuil tréimhse níos faide ná trí lá de dhith chun cuspóirí áirithe a bhaint amach.
- Má bhíonn fionraí níos faide ná trí lá á mheas, caithfear an t-ábhar a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta chun breithniú agus faomhadh a dhéanamh air, ag cur na cúinsí san áireamh agus an toradh atáthar ag súil leis.

- D’fhéadfadh an Bord Bainistíochta, an Príomhoide a údarú, le cead Chathaoirligh an Bhoird, fionraí a ghearradh ar feadh tréimhse chomh fada le cúig lá, i gcás nach féidir cruinniú Boird a thionóil go tráthúil, ag comhlíonadh na coinníollacha a bhaineann lena leithid d’fhionraí. Beidh an tUdaras seo fáighte i scríbhinn.
- Beidh teorainn deich lá le tréimhse amháin fionraí.
- Ba chóir don Bhord athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar mholadh ar bith chun mac léinn a chur ar fionraí, má bhíonn níos mó ná fiche lá as láthair sa scoilbhliain reatha ag an mac léinn de bharr an fionraí.
- Tugann na forálacha seo an deis don mhac leinn machnamh ar a n-iompar ach gan an iomarca ama a chailliúnt ón scoil. Tugann siad aitheantas do thromchúis an smachthanna agus cinntíonn go léirtear an tromchúis seo i nósanna imeachta na scoile. Ciallaíonn na forálacha gur féidir leis an mBord Bainistíochta an fhreagracht deiridh a ghlacadh maidir le smachbhannaí ar fheadh tréimhsí fada, go háirithe mar go bhféadfadh leithéid seo d’fhionraí fiche lá as láthair i scoilbhliain a shroicheadh agus mar sin go bhféadfaí achomharc a dhéanamh faoi Roinn 29 den Acht Oideachais.
- Ba chóir tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas faoina gcearta achomhairc a dhéanamh má bhíonn páiste ar fionraí thar 20 lá de réir Roinn 29 den Acht Oideachais 1998 leasaithe ag Acht Forálacha Ilghnéitheacha, 2007.
- Tugann an Príomhoide fógra í scríbhinn do na tuismitheoirí/caomhnóirí agus don mhac léinn maidir leis an gcinneadh é/í a chur ar fionraí. Caithfidh an litir na nithe seo a leanas a dhearbhú:
  - Tréimhse na fionraí,
  - Na dátaí ar a dtosóidh agus ar a gcríochnóidh an fionraí.
  - Fathanna na fionraí
  - Clár staidéir ar bith le leanúint
  - Socraithe ar fhilleadh ar scoil, agus gealltanais ar bith a gcaithfidh an mac léinn agus na tuismitheoirí/caomhnóirí a thabhairt (m.sh d’fhéadfaí iarraidh ar na tuismitheoirí/caomhnóirí ath-dhearbhú a dhéanamh go nglacann said leis an gcód iompar).
  - Coinníollacha a bhaineann le achomhairc don Bhord Bainistíochta tar éis 20 lá fionraí i scoil bhliain amháin.
  - Ceart achomhairc d’Ard Rúnaí na Roinne Oideachais & Eolaíochta (An tAcht Oideachais 1998, Alt 29) tar éis 20 lá fionraí i scoil bhliain amháin.

Ní mór don scoil bheith airdeallach agus iad i dteangbháil le tuistí le deachrachtaí léitheoireachta nó nach í teanga na litreach an máthair theanga acu.

Deireadh le fionraí:

- Nuair atá deireadh le fionrai, ba cheart to dtabharfaí gach seans agus tacaíocht don mhac léinn tosú as an nua.
- Cuirfear béim ar cheachtanna Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) ar feadh tréimhse.
- Beidh an scoil ag súil leis go mbeidh iompar an mhic léinn seo ar aon dul le gach mac léinn eile.

Achomhairc

- I gcás cinntí a dhéanann an Bord Bainistíochta mac léinn a chur ar fionraí féadfaidh an Pátrún próiseas achomhairc a sholáthar.
- Tar éis 20 lá fionraí i scoil bhliain amháin is féidir leis na tuismitheoirí/caomhnóirí cur isteach ar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 arna leasú ag an Acht Oideachais (Forálacha Ilghneitheacha) 2007. Caithfidh an scoil an ceart seo a insint do na tuismitheoirí/caomhnóirí i scríbhinn.

Taifid & tuairiscí

Ba chóir taifid fhoirmiúla/scríofa a choinneáil ar:

- An imscrúdú (nótaí ar gach agallamh).
- An próiseas cinnteoireachta.
- An cinneadh agus réasúnaíocht a déanadh.
- Fad na fionraí agus coinníollacha ar bith ceangailte leis.

Ba chóir don Phríomhoide tuairisc a thabhairt ar gach fionraí don Bhord Bainistíochta.
Tá sé de cheangal ar an bPríomhoide fionraithe a thuairisciú de réir threoirlínte tuairiscithe an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais (An tAcht Oideachais (Leas) 2000, Alt 21(4) (a).

Athbhreithniú ar úsáid fionraí

Ba chóir don Bhord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid fionraí sa scoil ar bhun rialta. Déantar é seo chun a chinntiú go bhfuil a húsáid í gcomhréir le polasaithe na scoile, go ndéanfar pátrúin a scrúdú chun gnéithe a aithint a bhfuil tionchar acu ar iompar sa scoil agus a chinntiú go bhfuil úsáid fionraí comhréireach agus éifeachtach.

Díbirt

Díbrítear mac léinn ón scoil nuair a dhéanann Bord Bainistíochta cinneadh an mac léinn sin a dhíbirt go buan ón scoil, tar éis don Bhord forálacha alt 24 den Acht Oideachais (Leas), 2000 a

chomhlíonadh. Is ag an mBord Bainistíochta amháin atá an tÚdarás páiste a dhíbirt ón scoil. Is céim olltromchúiseach é díbirt agus ceann a chaithfidh an Bord Bainistíochta a ghlacadh í gcásanna tromchúiseacha iompair.

Na Forais le h-aghaidh Díbeartha

Ba chóir don scoil bearta suntasacha a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis an mí-iompar chun díbirt an mhic léinn a sheachaint, lena n-áirítear, de réir mar is cuí:

- Casadh le tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an mac léinn le iarracht a dhéanamh bealaigh a fháil lena n-iompar do-ghlactha a athrú.
- A chinntiú go dtuigeann an mac léinn torthaí féideartha a n-iompar, dá leanfadh sé ar aghaidh.
- A chinntiú go bhfuil iarracht déanta gach rogha eile a chíoradh
- Cuidiú a iarraidh ar eagraíochta tacaíochta (An t-Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An t-Seirbhís Náisiúnta Um Thacaíocht Iompair, Seirbhísí Meabhairghalair Leanaí agus Ógánach, An Chomhairle Náisiúnta Um Oideachais Speisialta.

Éilíonn moladh chun mac léinn a dhíbirt forais thromchúiseacha, m.sh:

- Go mbíonn tionchar díobhálach buanseasmhach ag iompar an mhic léinn ar oideachais na mac léinn eile.
- Go bhfuil fíorbhagairt shuntasach ann do shábháilteacht na mac léinn nó na ndaoine eile fad is a bhíonn an mac léinn sa scoil.
- Go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin na forais le haghaidh díbeartha cosúil leis na forais le haghaidh fionraí.

An difríocht is mó atá eatartha ná go bhfuil na húdaráis scoile tar éis triail a bhaint as raon idirghabhálacha, agus go bhfuil siad den tuairim go bhfuil na féidearthachtaí go léir cíortha acu le athrú ar iompar an mhic léinn a bhaint amach.

Uath Dhíbirt

Is féidir leis an mBord Bainistíochta a chinneadh, i ndiaidh prósis chomharliúcháin leis an bPríomhoide le tuismitheoirí/caomhnóirí, le múinteoirí agus le mic léinn gur chóir go mbeadh díbirt ag gabháil le iompair aimnmithe áirithe mar smachtbhanna. Leanfar próiséis cuí an dlí agus nósanna imeachta cóir.

- Bagairt thromchúiseach foréigin in aghaidh mic léinn eile nó ball fóirne.

- Foréigin nó ionsaí fisiciúil.
- Ag soláthar drugaí do dhaltaí eile sa scoil.
- Ionsaí gnéasach.

Dibírt do chéad chion

Tá an tUdaras ag an mBord Bainistíochta páiste a dhíbírt ón scoil don chéad chion i gcásanna eisceachtúla m.sh na cásanna seo leanas:

- Bagairt thromchúiseach foréigin in aghaidh mic léinn eile nó baill fóirne
- Foréigean nó ionsaí iarbhir
- Ag soláthar drugaí do dhaltaí eile sa scoil.
- Ionsaí gnéasach.

Cinneadh a dhéanamh cé chomh hoiriúnach is atá sé mac léinn a dhíbirt

Ar na toscaí le breithniú orthu sula mbeartaítear mac léinn a dhíbirt bheadh:

- Cineál & tromchúis an iompar
- Comhthéacs an iompair
- Tionchar an iompair
- Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo
- An freagra comhréireach é an díbirt?
- An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an díbirt.

Nósanna Imeachta maidir le díbirt

I gcás go ndearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na fíricí go bhfeadfaí mac léinn a dhíbirt de bharr a n-iompair leanfar na céimeanna seo:

1. Imscrúdú sonrach faoi stiúir an Phríomhoide

2. Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta.

3. Breithniú an Bhoird Bhainistíochta ar mholadh an Phríomhoide agus éisteacht a reachtáil.

4. Breithniúcháin an Bhoird Bhainistíochta agus bearta i ndiaidh na h-éisteachta.

5. Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais.

6. Dearbhú ar na gcinneadh an mac léinn a dhíbirt.

Céim 1 - Imscrúdú sonrach arna sheoladh faoi Stiúir an Príomhoide

Déantar imscrúdú ar an gcás faoi threoir an Phríomhoide.

- Cuirtear na tuismitheoirí/caomhnóirí agus an mac léinn ar an eolas i scríbhinn faoin mhí-iompar líomhnaithe, an chaoí a ndéanfar imscrúdú air agus go bhféadfadh díbirt a bheith mar thoradh air.
- Ba chóir deis a thabhairt do na tuismitheoirí/caomhnóirí agus an mac léinn freagra a thabhairt ar an ngearán i gcruinniú leis an bPríomhoide sula nglacfar cinneadh maidir le firínne na líomhaintí agus sula ngearrtar smachtbhanna.
- Má theipeann ar mhac léinn agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí freastal ar chruinniú, ba chóir don Phríomhoide scríobh chucu ag cur in iúl dóibh go bhfuil an scéal tromchúiseach, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le freastal ar chruinniú ar dháta eile agus má theipeann orthu é sin a dhéanamh, go mbeidh dualgas ar údaráis na scoile cinneadh a ghlacadh freagairt don iompar diúltach.
- Ba chóir taifead a choinneáil de gach comhfhreagras (cuireadh agus freagra).

Céim 2 - Moladh ón bPríomhoide don mBord Bainistíochta

Má cheapann an Príomhoide go bhfuil díbirt tuillte tar éis imscrúdú chuimsitheach a dhéanamh, cuirfidh an Príomhoide moladh faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta díbirt a bhreithniú.

Leanfaidh an Príomhoide na céimeanna seo:

- A chur in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí agus don mhac léinn go bhfuil iarrtha ar an mBord Bainistíochta díbirt a bhreithniú.
- A chinntiú go bhfuil taifid ag na tuismitheoirí/caomhnóirí,: ar na líomhaintí in aghaidh an mhic léinn, ar an imscrúdú, agus ar fhógra scríofa de na forais ar a bhfuiltear ag iarraidh ar an mBord Bainistíochta díbirt a bhreithniú.
- Na taifid chuimsitheacha chéanna a sholáthar don Bhord Bainistíochta a tugadh do na tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas maidir le dáta na héisteachta a bheidh á reáchtáil ag an mBord Bainistíochta agus cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar an éisteacht sin.
- Comhairle a chur ar na tuismitheoirí/caomhnóirí gur féidir leo aighneachtaí scríofa nó ó bhéal a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta.
- A chinntiú gur tugadh dóthain fógra do na tuismitheoirí/caomhnóirí ionas go bhfeadfaidís ullmhú don éisteacht.

Céim 3 – Breithniú an Bhord Bainistíochta ar mholadh an Phríomhoide agus éisteacht a reáchtáil

Tá sé de dhualgais ar an mBord Bainistíochta a n-athbhreithniú féin a dhéanamh ar na doiciméidí go léir agus ar chúinsí uile an cháis. Tar éis an athbhreithniú a bheith déanta ag an mBord Bainistíochta agus má chinneann siad ar dhíbirt ní foláir dóibh éisteacht a reáchtáil.

- Ag an éisteacht seo cuirfidh an Príomhoide agus na tuismitheoirí/caomhnóirí a gcás os comhair an Bhoird í láthair a chéile, ionas go mbeadh cead acu fianaise an pháirtí eile a cheistiú.
- Ba chóir don Bhord a chinntiú nach bhfuil aon duine a raibh aon pháirt aige nó aici sa chás mar chuid de bhreithniúcháin an Bhoird (mar shampla ball den Bhord a bheith tar éis rud a liomhain in aghaidh mic léinn)
- Féadfaidh an cruinniú deis a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí a gcás a dhéanamh le go maolófaí an smachtbhanna.
- Ba chóir don Bhord a bheith cúramach a chinntiú go bhfuil siad neamhchlaonta agus go bhfuil an chuma air go bhfuil siad neamhchlaonta.
- Bheadh cead ag na tuismitheoirí/caomhnóirí duine a bheith leo ag an éisteacht, agus ba chóir don Bhord é seo a éascú de réir dea-chleachtas agus nósanna imeachta an Bhoird.
- Tar éis don Bhord an dá thaobh den scéal a chloisteáil ba chóir don Bhord a chinntiú nach bhfuil an Príomhoide nó na tuismitheoirí/caomhnóirí i láthair i rith breithniúcháin an Bhoird.

Céim 4 – Breithniúcháin an Bhord Bhainistíochta agus bearta i ndiaidh na héisteachta

Tar éis na héisteachta, caithfidh an Bord cinneadh a dhéanamh, ar chóir an mac léinn a dhíbirt nó nár cóir.

- Caithfidh an Bord fógra a thabhairt don Oifigeach Leasa Oideachais i scríbhinn agus na cúiseanna atá leis an gcinneadh seo (An tAcht Oideachais (Leas) 2000, a 2004 (1).
- Ba chóir don Bhord Bainistíochta tagairt do nósanna imeachta tuairiscithe an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais nuair atá sé beartaithe mac léinn a dhibirt.
- Ní féidir an mac léinn a dhíbirt go dtí go bhfuil fiche lá caite ón lá a bhfaigheann an tOifigeach Leasa Oideachais an fógra i scríbhinn.
- Nuair atá sé socraithe mac léinn a dhíbirt, ba chóir don Bhord a chur in-iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí i scríbhinn faoin gcinneadh agus na chéad chéimeanna eile sa phróiseas.
- Ba chóir go ndéarfaí leis na tuismitheoirí/caomhnóirí go bhfuiltear anois chun an cinneadh a chur in iúl don Oifigeach Leasa Oideachais i scríbhinn

Céim 5 – Comhairliúcháin á eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais

Laistigh de thréimhse fiche lá ón dáta ar a bhfaigheann Oifigeach Leasa Oideachas fógra ón mBord Bainistíochta go bhfuil sé beartaithe acu mac léinn a dhíbirt, ní foláir don Oifigeach Leasa Oideachais:

- Gach iarracht réasúnta a dhéanamh comhairliúcháin aonair a bheith ann leis an bPríomhoide, leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an mac léinn agus le h-aon duine eile a d'fhéadfadh cabhair a thabhairt.
- Cruinniú a thionóil leis na páirtithe a aontaíonn a bheith i láthair. (An tAcht Oideachais (Leas) 2000 alt 24).
- I gcás nach bhfuil sé de rogha leanúint ar aghaidh sa scoil, ba chóir don Oifigeach Leasa Oideachas scoil nua a aimsiú don mac léinn
- Más é tuairim an Bhoird Bainistíochta go gcuirfeadh sé isteach go mór ar fhoghlaim na mic léinn eile dá bhfanfadh an mac léinn seo sa scoil, nó go bhfuil bagairt ann do na mac léinn eile nó don fhoireann d'fhéadfadh an Bord an mac léinn a chur ar fionraí ag an am seo.

Céim 6 – Dearbhú ar na gcinneadh an mac léinn a dhíbirt

Tar éis na tréimhse fiche lá tar éis don Oifigeach Leasa Oideachas fógra a fháil, agus i gcás go bhfuil an Bord Bainistíochta fós den tuairim gur chóir an mac léinn a dhíbirt, dearbhóidh an Bord Bainistíochta i scríbhinn go bhfuil sé cinnte acu an mac léinn a dhíbirt. Ba chóir na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas go bhfuiltear chun dul ar aghaidh leis an díbirt.
Ba chóir insint do thuismitheoirí/caomhnóirí agus do mhic léinn faoin gceart atá acu chun achomhairc agus foirm chaighdeánach a sholáthar dóibh. Ba chóir taifead foirmiúil a choinneáil den chinneadh mac léinn a dhíbirt.

Achomhairc

Is féidir le tuismitheoir/caomhnóir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh díbeartha d'Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais & Scileanna (faoin Acht Oideachais 1998, alt 29). Is féidir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais ar son an mhic léinn.

Tosaíonn an próiseas achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 le h-idirghabháil á sholáthar ag idirghabhálaí ceaptha ag an gCoiste Achomhairc (An Roinn Oideachais agus Scileanna). Le tuilleadh eolais faoin bpróiseas a fháil, féach treorú reatha na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Athbhreithniú ar úsáid díbeartha

Ba chóir don Bhord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid díbeartha sa scoil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile.

Roinn 8. Tagairt do Pholasaithe eile:

Tá tagairt do chúrsaí iompair agus cód iompair na scoile sna polasaithe seo leanas:

- Plean Oideachas Sóisialta, Pearsanta Agus Sláinte (OSPS)
- Frithbhulaíocht
- Cláruchán
- Cumarsáid Baile/Scoile
- Sláinte agus Sábhailteacht
- Comhionannais
- Riachtanais Speisialta Oideachais

Critéir Rathúlachta

- Iompar dearfach le feiceáil i seomraí ranga, sa chlós agus sa timpeallacht scoile.
- Cleachtais agus nósanna imeachta atá liostaithe sa pholasaí seo curtha i bhfeidhm go leanúnach ag gach múinteoir.
- Aiseolas dearfach ó mhúinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí.

Ról agus Freagrachtaí:

- Tá ról lárnach ag an mBord Bainistíochta le cinntiú go bhfuil an polasaí á chur i gcríoch sa scoil.
- Tá ról lárnach ag an bhfoireann sa scoil i gcur i bhfeidhm an pholasaí seo le tacaíocht ó na tuismitheoirí/caomhnóirí agus na mac léinn.
- Déanfaidh an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach comhordnú agus monatóireacht ar an gcód le tacaíocht ón bhfoireann.
- Beifear ag súil le tuiscint agus tacaíocht ó na daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí i gcur i bhfeidhm an chóid.

Dáta don chur í bhfeidhm

Tá an chód athbhreithnithe seo á chur i bhfeidhm faoi láthair agus beidh sé á faomhadh go foirmeálta ag an mBord Bainistíochta ar an 22ú Meitheamh 2021.

Clár Ama don Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú nithe áirithe/praiticiúla den pholasaí seo go rialta, ar a laghad go bliantúil.

Daingniú & Cumarsáid

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an pholasaí seo ar an 22^{ú} Meitheamh 2021. Cuireadh cóip den pholasaí chuig gach tuismitheoir/caomhnóir agus ar chlár fógraí na scoile. Sí an chóip Ghaeilge den pholasai seo an cóip bunaidh.

Aguisín 1

Samplaí de Rialacha Ranga

Bunranganna

Bí go deas cineálta le gach duine.

Suífidh mé ar mo chathaoir go deas béasach.

Bí ag obair go ciúin.

Labhair Gaeilge.

Má tá rud le rá, cuir suas do lámh.

Meanranganna

1. Ar maidin, tar isteach, suí síos agus bí ag obair.
2. Is í an Ghaeilge teanga na scoile.
3. Má tá rud le rá, cuir suas do lámh.
4. Níl cead cainte i rith am oibre.
5. Beidh meas ag gach duine ar a chéile agus ní bheidh aon duine ag cur isteach ar aon duine eile.

Na hArdranganna

- Labhair Gaeilge.
- Tar isteach réidh don obair.
- Bí go deas múinte le gach duine.
- Bíodh meas agat ar rudaí dhaoine eile.
- Bí ag éisteacht nuair atá an múínteoir ag caint.
- Ná caith aon rud timpeall an seomra!
- Lámh ar na ráillí ar an staighre, ag dul suas agus síos.

Aguisín 2

Samplaí de mhí-iompar

Samplaí de mhion mhí-iompar

- Ag bogadh áite tar éis bualadh an chloigín sa chlós;
- Ag cur isteach ar obair ranga;
- Ag rith i bhfoirgnimh na scoile;
- Ag caint sa líne;
- Ag imeacht as an líne;
- Ag fágáil suíochán gan cead;
- Ag fágáil bia/deochanna i mboscaí bruscair na ranga;
- Ag caitheamh bruscar timpeall na scoile;
- Gan bheith ag caitheamh an culaith scoile ceart;
- A bheith droch bhéasach nó drochmheasúil;
- Gan obair bhaile bheith déanta;
- Ag ithe guma coganta;
- Ag dreapadóireacht ar ráillí na scoile;
- A bheith sa seomra gan cead ag am lóin;
- Ag caitheamh droch mheas ar dhaoine eile, (go mór mhór mar gheall ar chreideamh,cine, gnéas, abaltacht, stádas eacnamaíochta, stádas teaghlaigh nó gnéas chlaonadh).

Samplaí de mhí-iompar tromchúiseach

- Síor cur isteach ar an rang;
- Ag síor insinnt bréaga;
- Ag goid;
- Ag caitheamh drochmheas ar dhaoine eile;
- Bulaíocht;
- Ag déanamh damáiste do threallamh scoile nó do mhaoin dhaoine eile;
- Ag tabhairt ais fhreagra ar an múinteoir;
- Ag fágáil timpeallacht na scoile i rith lá scoile gan cead;
- Ag usáid droch theanga;

- Ag gortú páiste eile d’aon ghnó;
- Ag usáid fón póca sa scoil;
- Ag úsaid an idirlín gan múinteoir bheith i láthair;
- Ag caitheamh droch mheas ar dhaoine eile, (go mór mhór mar gheall ar chreideamh, cine, gnéas, stádas eacnamaíochta, stádas teaghlaigh nó gnéas chlaonadh).

Samplaí de mhí-iompar an tromchúiseach

- Iompar ionsaitheach;
- Bagairt ar dhuine;
- Iompar foréigneach i n-aghaidh múinteoirí nó páiste;
- Ag leanacht le bulaíocht in ainneoin idirghabhála;
- Ag caitheamh droch mheas ar dhaoine eile, (go mór mhór mar gheall ar chreideamh, cine, gnéas, stádas eacnamaíochta, stádas teaghlaigh nó gnéas chlaonadh).;
- Alcól, drugaí nó tobac a bheith ar a seilbh acu nó a usáid i dtimpeallacht na scoile nó ag imeachtaí scoile;
- Ag tabhairt uirlis chontúirteach ar scoil;
- Ag déanamh damáiste do fhoirgneamh nó trealamh na scoile d’aon gnó;

Aguisín 3

Seo iad rialacha na scoile:

1. Bí lách cineálta deá bhéasach lena chéile agus daoine fásta.
2. Bí dílis don scoil. Labhair Gaeilge sa scoil i gcónaí.
3. Bí istigh in am ar maidin. Suigh síos agus bí ag obair.
4. Caith an culaith scoile gach lá, ach amháin nuair a bhíonn corpoideachas – culaith spóirt agus bróga reatha.
5. Iompar ar an staighre: Bí béasach, Lámh ar an ráille, Féach romhat, Siúl go ciúin;
6. An Clós: Labhair Gaeilge; ná caith aon rud sa chlós nó sa leitheas agus ná bí ag rith ró thapaidh.
7. Bíodh meas agaibh ar throscáin na scoile agus ar mhaoin dhaoine eile.
8. Ní féidir aerasól, cumhráin nó táirge iarbhearrtha a bheith ag na páistí.
9. Níl cead fón póca, ipod, mp3, ceamara ná aon ghléas leictreonach eile a bheith ag na páistí, (féach ar pholasaí fón poca).
10. Níl cead ag aon pháiste an scoil a fhágáil gan scéal a chur chuig an múinteoir ranga agus an príomhoide i scríbhinn. Sínfidh an Rúnaí an Leabhar Teacht agus Imeachta ar son an tuismitheora nó an chaomhnóra.
11. Foghlaim an druil tine agus tabhair aird air.
12. Ná fan sa chlós tar éis 2.10am.